**Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022**

P9_TA(2022)0231

## Fógra faoin Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) ***I

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 8 Meitheamh 2022 maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le fritháireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaigh atá bunaithe san Aontas (COM(2021)0567 – C9-0323/2021 – 2021/0204(COD)) (1)**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2022/C 493/22)

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris - 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1a) Tháinig Comhaontú Pháras, a glacadh i mí na Nollag 2015 faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 ("Comhaontú Pháras") (1a). D'aontaigh na páirtithe i gComhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1.5 °C a chur leis an méadú teochta. Trí Chomhaontú Aeráide Ghlaschú i gComhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP26) a ghlacadh i mí na Samhna 2021, d'aithin na Páirtithe ann go laghdódh teorannú an ardaithe meánteochta domhanda go dtí 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch rioscaí agus tionchar an athraithe aeráide go mór agus gheall siad a gcuid spriocanna le haghaidh 2030 a neartú faoi dheireadh na bliana 2022 chun a áirithiú go mbeidh na Páirtithe ar an mbealach ceart chun teorainn 1,5 °C a chur leis an téamh domhanda.***<br><br>***(1a) Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).*** |

(1) Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0145/2022).

**Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022**

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris - 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1b)** **I rún uaithi an 28 Samhain 2019 ar an ngéarchéim aeráide agus chomhshaoil ([1b]), thathantaigh Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún gníomhú láithreach agus go huaillmhianach chun teorainn 1,5 °C a chur leis an téamh domhanda. Tá a phráinní atá sé gan dul thar sprioc Chomhaontú Pháras de 1,5 °C níos suntasaí anois mar thoradh ar thorthaí an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) i dtuarascálacha uaidh an 8 Deireadh Fómhair 2018 dar teideal Global warming of 1,5 °C [Athrú aeráide 1,5 °C], an 7 Lúnasa 2021 dar teideal Climate Change 2021: The Physical Science Basis [Athrú Aeráide 2021: An Bonn Eolaíochta Fisiciúla] agus an 28 Feabhra 2022 dar teideal Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability [Athrú Aeráide 2022: Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht] Dúirt IPCC le hardmhuinín, go bhfuil an t-athrú aeráide ina bhagairt ar dhea-bhaill an duine agus sláinte an phláinéid, agus má chuirtear moill bhreise ar ghníomhaíocht dhomhanda chomhbheartaithe atá réamhbheartaithe maidir le hoiriúnú agus maolú go caillfear an deis, ar deis í atá á dúnadh go gairid agus go gasta, todhchaí inbhuanaithe ar féidir linn maireachtáil inti a chinntiú do chách. Chinn IPCC freisin go mbeidh iarmhairtí an athraithe aeráide i bhfad níos milltí má mhainnítear teorainn 1,5 °C a chur leis an téamh domhanda agus má shroicheann sé 2 °C. Sa bhreis air sin, sroichfidh nó sáróidh an teocht dhomhanda 1,5 °C níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis roimhe seo, eadhon ar an meán sna 20 bliain amach romhainn. Fuarthas amach freisin, mura mbeidh laghduithe láithreacha agus uaillmhianacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, nach mbeifear in ann an téamh domhanda a theorannú a thuilleadh gar do 1,5 °C nó fiú 2 °C. Ina theannta sin, i rún 48/13 uaithi an 8 Deireadh Fómhair 2021, d'aithin Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an ceart chun comhshaoil shábháilte, ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe a bheith ina cheart ag an duine.*** |

([1b]) ***IO C 232, 16.6.2021, lch. 28.***

**Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022**

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris - 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1c)** **I rún uaithi an 21 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhdháil 2021 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i nGlaschú, an Ríocht Aontaithe (COP26) ([1c]), chuir Parlaimint na hEorpa in iúl go raibh imní uirthi faoin dul chun cinn mall a baineadh amach san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) maidir le haghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ón eitlíocht idirnáisiúnta agus d'athdhearbhaigh sí sa chomhthéacs sin gur gá an earnáil sin a rialáil faoi chóras trádála astaíochtaí an Aontais (CTA), a d'fhéadfadh a bheith ina eiseamláir don obair chomhthreomhar, ag tacú leis an uaillmhian dhomhanda níos airde ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear in ICAO. Thairis sin, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a seacht ndícheall a dhéanamh chun an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) a neartú agus tacú le ICAO sprioc fhadtéarmach a ghlacadh chun astaíochtaí laistigh den earnáil a laghdú agus neamhspleáchas reachtach an Aontais á chosaint ag an am céanna i gcur chun feidhme Threoir CTA AE.*** <br><br> *([1c]) **IO C 184, 5.5.2022, lch. 118.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Faoi réir na ndifríochtaí atá idir reachtaíocht an Aontais agus CORSIA, a fógraíodh do ICAO tar éis ***Cinneadh*** (AE) 2018/2027 ón gComhairle ([14]) , agus an bhealaigh ina leasaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle reachtaíocht an Aontais, tá sé i gceist ag an Aontas CORSIA a chur chun feidhme. <br><br> ([14]) Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle an 29 Samhain 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith an Chéad Eagráin de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil — an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) (IO L 325, 20.12.2018, lch. 25). | (2) Faoi réir na ndifríochtaí atá idir reachtaíocht an Aontais agus ***scéim*** CORSIA ***arna glacadh ag ICAO***, a fógraíodh do ICAO tar éis ***Chinneadh*** (AE) 2018/2027 ón gComhairle ([14]), agus an bhealaigh ina leasaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle reachtaíocht an Aontais, tá sé i gceist ag an Aontas CORSIA a chur chun feidhme ***trí Threoir 2003/87/CE***. <br><br> ([14]) Cinneadh (AE) 2018/2027 ón gComhairle an 29 Samhain 2018 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith an Chéad Eagráin de na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta maidir le Cosaint an Chomhshaoil — an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) (IO L 325, 20.12.2018, lch. 25). |

**Dé Céadaoin 8. Meitheamh 2022**

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(9a)* ***Gan dochar do Threoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE maidir le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus lena gcuirtear chun feidhme go hiomchuí beart atá bunaithe ar an margadh domhanda, is éard atá i gceist leis an Treoir seo ná beart sealadach nach bhfuil feidhm aige ach amháin go dtí go dtiocfaidh an Treoir sin i bhfeidhm.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh cinnidh**

**Airteagal 1 – mír 1**

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 6 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***táirgeann*** siad astaíochtaí bliantúla $CO_2$ is mó ná 10 000 tona ó úsáid aerárthaí ag a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh is mó ná 5 700 kg a dhéanann eitiltí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I, seachas na heitiltí sin a fhágann Ballstát amháin agus a thuirlingíonn sa Bhallstát ***sin*** (lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí den ***Ballstát*** céanna), ***ón 1 Eanáir 2019*** amach. | (b) ***go dtáirgeann*** siad astaíochtaí bliantúla $CO_2$ is mó ná 10 000 tona ó úsáid aerárthaí ag a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh is mó ná 5 700 kg a dhéanann eitiltí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I ***a ghabhann leis an Treoir seo agus le hAirteagal 2(3) agus (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún*** ***([1a])***, seachas na heitiltí sin a fhágann Ballstát amháin agus a thuirlingíonn sa Bhallstát ***céanna*** (lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí den ***Bhallstát*** céanna), ***ón 1 Eanáir 2021*** amach. |

*([1a])* ***Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun críche beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10).***